CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/505 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Márta 2022

maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar pháirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialacháin (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)1693)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle an 10 Eanáir 1997 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála cinntitheach a forchuireadh le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne a áireamh, agus lena dtoibhítear an dleacht leathnaithe ar allmhairí den sórt sin atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 703/96 ([2]) agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/45 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le leathnú na dleachta frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle chun allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a áireamh ([3]),

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 1997 maidir le húdarú na díolúine d'allmhairí páirteanna áirithe rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ón dleacht frithdhumpála a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 ón gComhairle, dleacht a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([4]), agus go háirithe Airteagail 4 go 7 de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag dleacht frithdhumpála maidir le hallmhairí páirteanna riachtanacha rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") ("an dleacht leathnaithe") mar gur leathnaíodh an dleacht frithdhumpála a fhorchuirtear ar allmhairí rothar de thionscnamh na Síne le Rialachán (CE) Uimh. 71/97.

(2) Faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 71/97, maidir leis an díolúine d'allmhairí páirteanna riachtanacha rothair nach dtéann timpeall ar an dleacht frithdhumpála, tugtar de chumhacht don Choimisiún na bearta is gá a ghlacadh chun an díolúine sin a údarú.

(3) Tá na bearta cur chun feidhme sin leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 88/97 ("an Rialachán díolúine") lena mbunaítear an córas díolúine sonrach.

(4) Ar an mbonn sin thug an Coimisiún díolúine do roinnt cóimeálaithe rothar ón díolúine leathnaithe ("na páirtithe díolmhaithe").

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 18.1.1997, lch. 55.
([3]) IO L 16, 21.1.2020, lch. 7.
([4]) IO L 17, 21.1.1997, lch. 17.

(5) Mar a fhoráiltear in Airteagal 16(2) den Rialachán díolúine, d'fhoilsigh an Coimisiún liostaí na bpáirtithe ar tugadh díolúine dóibh ina dhiaidh sin ([5]) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme is déanaí ón gCoimisiún (AE) 2022/403 ([6]) a bhaineann le díolúintí faoin Rialachán díolúine an 3 Márta 2022.

(7) Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán díolúine.

1. **IARRATAÍ AR DHÍOLÚINTÍ**

(8) Idir an 29 Lúnasa 2019 agus an 1 Iúil 2021, fuair an Coimisiún iarrataí ar dhíolúintí ó na páirtithe a liostaítear i dTáblaí 1 agus 2 lena raibh an fhaisnéis is gá ag gabháil chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu is féidir na hiarrataí sin a ghlacadh nó nach féidir i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán díolúine.

(9) Tugadh deis do na páirtithe a d'iarr díolúintí a mbarúlacha a chur in iúl faoi chonclúidí an Choimisiúin maidir le hinghlacthacht a n-iarrataí.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán Díolúine, agus ar feitheamh cinneadh maidir le fiúntais na n-iarrataí a rinne na páirtithe a d'iarr díolúintí, maidir le híocaíocht na dleachta leathnaithe i dtaobh aon allmhairiú páirteanna riachtanacha rothair a dhearbhaigh na páirtithe sin atá liostaithe i dTábla 1 agus i dTábla 2 lena scaoileadh i saorchúrsaíocht, cuireadh an íocaíocht sin ar fionraí ón lá a fuair an Coimisiún a n-iarrataí faoi seach.

2. **ÚDARÚ DÍOLÚINE**

(11) Tugadh i gcrích an scrúdú ar fhiúntais na n-iarrataí ón bpáirtí a liostaítear i dTábla 1.

Tábla 1

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C527	FIRMA ADAM Adam Ziętek	Muchy 56, PL-63-524 Czajków, an Pholainn

(12) Le linn an scrúdaithe a rinne an Coimisiún, maidir le luach na bpáirteanna de thionscnamh na Síne, shuigh sé gur lú ná 60 % de luach iomlán na rothar uile a chóimeálann an páirtí atá liostaithe i dTábla 1 é an luach sin.

(13) Dá bharr sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtagann oibríochtaí cóimeála FIRMA ADAM Adam Ziętek faoi raon feidhme Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2016/1036.

(14) Ar an gcúis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán Díolúine, chomhlíon an páirtí atá liostaithe i dTábla 1 na coinníollacha le díolúine a fháil ón dleacht leathnaithe.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán díolúine, ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine ón dáta a gheofar an iarraidh. Mar sin, maidir leis na fiachais chustaim i leith na dleachta leathnaithe atá ar an bpáirtí a iarrann díolúine, ba cheart a mheas go bhfuil na fiachais sin ar neamhní amhail ón dáta céanna.

([5]) IO C 45, 13.2.1997, lch. 3, IO C 112, 10.4.1997, lch. 9, IO C 220, 19.7.1997, lch. 6, IO L 193, 22.7.1997, lch. 32, IO L 334, 5.12.1997, lch. 37, IO C 378, 13.12.1997, lch. 2, IO C 217, 11.7.1998, lch. 9, IO C 37, 11.2.1999, lch. 3, IO C 186, 2.7.1999, lch. 6, IO C 216, 28.7.2000, lch. 8, IO C 170, 14.6.2001, lch. 5, IO C 103, 30.4.2002, lch. 2, IO C 35, 14.2.2003, lch. 3, IO C 43, 22.2.2003, lch. 5, IO C 54, 2.3.2004, lch. 2, IO L 343, 19.11.2004, lch. 23, IO C 299, 4.12.2004, lch. 4, IO L 17, 21.1.2006, lch. 16, IO L 313, 14.11.2006, lch. 5, IO L 81, 20.3.2008, lch. 73, IO C 310, 5.12.2008, lch. 19, IO L 19, 23.1.2009, lch. 62, IO L 314, 1.12.2009, lch. 106, IO L 136, 24.5.2011, lch. 99, IO L 343, 23.12.2011, lch. 86, IO L 119, 23.4.2014, lch. 67, IO L 132, 29.5.2015, lch. 32, IO L 331, 17.12.2015, lch. 30, IO L 47, 24.2.2017, lch. 13, IO L 79, 22.3.2018, lch. 31, IO L 171, 26.6.2019, lch. 117, IO L 138, 30.4.2020, lch. 8, IO L 158, 20.5.2020, lch. 7, IO L 325, 7.10.2020, lch. 74, IO L 140, 23.4.2021, lch. 1, IO L 83, 10.3.2022, lch. 39.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/403 ón gCoimisiún an 3 Márta 2022 maidir le díolúintí ón dleacht frithdhumpála leathnaithe ar chodanna áirithe rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun Rialachán (CE) Uimh. 88/97 (IO L 83, 10.3.2022, lch. 39.)

(16) Cuireadh an páirtí leasmhar ar an eolas maidir le conclúidí an Choimisiúin faoi fhiúntais a iarrata agus tugadh deis dó barúil a chur in iúl faoi.

(17) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an díolúine ach maidir leis an bpáirtí dá dtagraítear go sonrach i dTábla 1, ba cheart don pháirtí díolmhaithe fógra a thabhairt don Choimisiún ([7]) gan mhoill maidir le haon athrú ar an díolúine sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(18) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí díolmhaithe faisnéis ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear aon athrú ar a ghníomhaíocht atá nasctha le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún na tagairtí cothrom le dáta dá réir sin.

3. ÍOCAÍOCHTAÍ NA nDLEACHTANNA A CHUR AR FIONRAÍ DO PHÁIRTITHE FAOI SCRÚDÚ

(19) Tá an scrúdú ar fhiúntais na n-iarrataí ó na páirtithe atá liostaithe i dTábla 2 fós ar siúl. Ar feitheamh cinneadh maidir le fiúntais a n-iarrataí, tá íocaíocht na dleachta leathnaithe ó na páirtithe sin curtha ar fionraí.

(20) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag an bhfionraí ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach i dTábla 2, ba cheart do na páirtithe sin fógra a thabhairt don Choimisiún ([8]) gan mhoill maidir le haon athrú orthu sin (mar shampla, tar éis athrú ar an ainm, ar an bhfoirm dhlíthiúil nó ar an seoladh nó tar éis eintitis chóimeála nua a chur ar bun).

(21) Má thagann athrú ar thagairt, ba cheart don pháirtí lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha uile a chur ar fáil, lena n-áirítear aon athrú ar a ghníomhaíocht atá nasctha le hoibríochtaí cóimeála. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún na tagairtí do pháirtithe den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta.

Tábla 2

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
C557	Berria Bike SL	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo, an Spáinn
C559	Northtec sp. z.o.o.	ul. Dworcowa 15a, 43-502 Czechowice-Dziedzice, an Pholainn
C560	Giant Gyártó Hungary Kft.	Jedlik Ányos utca 1, 3200 Gyöngyös, an Ungáir
C492	MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda	Rua Alto do Vale do Grou 36 3750-870 Borralha/ Águeda, an Phortaingéil
C609	Nextbike GmbH Nextbike GmbH	Erich-Zeigner-Allee 69-73 04229 Leipzig, an Ghearmáin
C720	Propain Bicycles GmbH	Schachenstraße 39, 88267 Vogt, an Ghearmáin

4. **Nuashonrú na dtagairtí do pháirtithe díolmhaithe nó do pháirtithe ar fionraí**

(22) Idir an 31 Márta 2021 agus an 7 Bealtaine 2021, thug na páirtithe díolmhaithe nó na páirtithe ar fionraí atá liostaithe i dTábla 3 fógra don Choimisiún faoi athruithe ar a dtagairtí (ainmneacha, foirmeacha dlíthiúla agus/nó seoltaí). Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, tháinig sé ar an gconclúid nach ndéanann na hathruithe difear do na hoibríochtaí cóimeála maidir leis na coinníollacha díolúine nó fionraí a leagtar amach sa Rialachán Díolúine.

(23) Cé nach ndéantar difear do dhíolúine ná d'fhionraí na bpáirtithe sin i dtaca leis an dleacht leathnaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(1) nó Airteagal 7(1) den Rialachán díolúine, ba cheart na tagairtí do na páirtithe sin a thabhairt cothrom le dáta.

([7]) Moltar don pháirtí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.
([8]) Moltar do na páirtithe úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist seo a leanas: TRADE-BICYCLE-PARTS@ec.europa.eu.

Tábla 3

Cód breise TARIC	Iarthagairt	Athrú
A168	EGC S.r.l. Via Fontana 18, 45021 Milano, an Iodáil	Athraíodh seoladh an pháirtí dhíolmhaithe chuig: Corso Ventidue Marzo 32/1 20135 Milano (MI), an Iodáil
8085	Oxyprod S.r.l. Via G. Morone 4 20121 Milano (MI), an Iodáil an Iodáil	Athraíodh ainm agus seoladh an pháirtí dhíolmhaithe seo chuig: Decathlon Produzione Italia S.r.l. Via Buonarroti 39 20145 Milano (MI), an Iodáil
C492	Motokit veiculos e Acessórios S.A. Rua Padre Vicente Maria da Rocha 448, 1° Esq., 3840-453 Vagos, an Phortaingéil	Athraíodh foirm dhlíthiúil agus seoladh an pháirtí ar fionraí seo chuig: MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda Rua Alto do Vale do Grou 36 3750-870 Borralha/Águeda, an Phortaingéil

5. **Iarrataí ar dhíolúintí a measadh a bheith neamh-inghlactha**

(24) Chuir na páirtithe a liostaítear i dTábla 4 iarrataí ar dhíolúintí isteach ach measadh go raibh siad neamh-inghlactha de réir bhrí Airteagal 4(4) den Rialachán díolúine, mar níor chomhlíon siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 1 agus 2 den Rialachán sin.

Tábla 4

Ainm	Seoladh
Bicicletas Mendiz S.A.	Zuazobidea 22, (P.I. Jundiz) - 01015 Vitoria-Gasteiz, an Spáinn
MK Bicycles GmbH	Krugbäckerstraße 16 - 56424 Mogendorf, an Ghearmáin
Smart Urban Mobility B.V.	Contactweg 26, 1014BH Amsterdam, an Ísiltír
UW Werkmaatschappij B.V.	Postbus 9255, 3506GG Utrecht, an Ísiltír

(25) Na páirtithe atá liostaithe i dTábla 4, cuireadh ar an eolas iad faoi chonclúidí an Choimisiúin agus tugadh deis dóibh barúil a chur in iúl faoi.

(26) Ní bhfuarthas aon bharúil ó UW Werkmaatschappij B.V. ná ó Smart Urban Mobility B.V. faoi chonclúidí an Choimisiúin.

(27) Sna barúlacha a thug Bicicletas Mendiz SA agus MK Bicycles GmbH, d'iarr siad go ndéanfadh an Coimisiún athmhachnamh ar an diúltú ar bhonn na doiciméadachta breise agus na n-argóintí a chuir siad ar fáil.

(28) Tar éis don Choimisiún na doiciméid agus na hargóintí faoi seach a mheasúnú go cuí, tháinig sé ar an gconclúid nárbh fhéidir leis na haighneachtaí breise tacú leis na hiarrataí chun athmhachnamh a dhéanamh ar na conclúidí a nochtadh roimhe seo. Mar sin, deimhníodh go bhfuil na hiarrataí ar dhíolúintí neamh-inghlactha.

(29) Cuireadh na páirtithe ar an eolas dá réir agus tugadh deis dóibh a mbarúlacha faoi sin a chur in iúl. Ní bhfuarthas barúlacha breise faoi chonclúidí an Choimisiúin.

6. **Páirtí a dtarraingítear siar an t-údarú díolúine ina leith**

(30) Idir an 25 Márta 2021 agus an 28 Deireadh Fómhair 2021, tugadh fógra don Choimisiún gur foirceannadh an dá pháirtí dhíolmhaithe a liostaítear i dTábla 5 agus gur scoir siad dá ngníomhaíochtaí.

(31) Foirceannadh Sachsenring Bike Manufaktur GmbH agus scoir sé dá ghníomhaíochtaí an 12 Eanáir 2021 tar éis féimheachta, agus foirceannadh Cicli Cinzia srl agus scoir sé dá ghníomhaíochtaí an 27 Eanáir 2021.

(32) Dá bharr sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart an t-údarú díolúine a tugadh do Sachsenring Bike Manufaktur GmbH a tharraingt siar amhail ón 12 Eanáir 2021, agus ba cheart an t-údarú díolúine a tugadh do Cicli Cinzia srl a tharraingt siar amhail ón 27 Eanáir 2021, i gcomhréir le prionsabal an dea-riaracháin.

(33) Na páirtithe atá liostaithe i dTábla 5, cuireadh ar an eolas iad faoi chonclúidí an Choimisiúin agus tugadh deis dóibh barúil a chur in iúl faoi.

(34) Ní bhfuarthas aon bharúil ó Sachsenring Bike Manufaktur GmbH faoi chonclúidí an Choimisiúin.

(35) Sa bharúil a thug Cicli Cinzia srl, d'iarr sé ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar tharraingt siar an údaraithe díolúine.

(36) Tar éis don Choimisiún an iarraidh a mheasúnú go cuí, tháinig sé ar an gconclúid nár cuireadh aon argóint nua chun tosaigh chun tacú le hathmheasúnú a dhéanamh ar na conclúidí a nochtadh roimhe seo. Dá bharr sin, deimhníodh tarraingt siar an údaraithe díolúine agus cuireadh an páirtí ar an eolas dá réir.

Tábla 5

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh
8009	Sachsenring Bike Manufaktur GmbH	Kyselhäuser Straße 23 06526 Sangerhausen, an Ghearmáin
8066	Cicli Cinzia srl	Via Lombardia 48, Osteria Grande 40060 Castel San Pietro Terme, an Iodáil

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo tugtar díolúine don pháirtí atá liostaithe sa Tábla san Airteagal seo ó leathnú na dleachta frithdhumpála cinntithí ar rothair de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a leathnaítear le Rialachán (CE) Uimh. 71/97 agus a fhorchuirtear le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle ([9])ar allmhairí páirteanna áirithe rothair ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

I gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97 beidh feidhm ag an díolúine ón dáta a gheofar iarraidh an pháirtí. Déantar foráil maidir leis an dáta sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Dáta do ghabháil éifeachta'.

Ní bheidh feidhm ag an díolúine ach maidir leis an bpáirtí dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Maidir le hathrú ar ainm nó ar sheoladh an pháirtí díolmhaithe, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon athrú den sórt sin agus cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil, go háirithe maidir le haon athrú ar ghníomhaíochtaí an pháirtí atá nasctha le hoibríochtaí cóimeála a mhéid a bhaineann le coinníollacha na díolúine.

([9]) (OJ L 228, 9.9.1993, p. 1).

Páirtí díolmhaithe

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
C527	FIRMA ADAM Adam Ziętek	Muchy 56 63-524 Czajków, an Pholainn	29.8.2019

Airteagal 2

Tá na páirtithe atá liostaithe sa Tábla san Airteagal seo faoi scrúdú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

Maidir le híocaíocht na dleachta frithdhumpála a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 88/97, beidh feidhm aige sin ó na dátaí a gheofar iarrataí ar fhionraí ó na páirtithe faoi seach. Déantar foráil maidir leis na dátaí sin sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal 'Dáta do ghabháil éifeachta'.

Ní bheidh feidhm ag an bhfionraí íocaíochta ach maidir leis na páirtithe dá dtagraítear go sonrach sa Tábla san Airteagal seo.

Maidir le haon athrú ar oibríochtaí cóimeála atá nasctha le coinníollacha na fionraí, tabharfaidh na páirtithe faoi scrúdú fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le haon athrú den sórt sin agus cuirfidh sé ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha uile mar fhianaise. Áirítear leis na hathruithe sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, aon athrú ar ainmneacha, ar ghníomhaíochtaí, ar fhoirmeacha dlíthiúla agus ar sheoltaí na bpáirtithe.

Páirtithe faoi scrúdú

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
C557	Berria Bike SL	Calle Blasco de Garay 19, 02600 Villarrobledo - an Spáinn	27.7.2020
C559	Northtec sp. z.o.o.	ul. Dworcowa 15a, 43-502 Czechowice-Dziedzice - an Pholainn	27.7.2020
C560	Giant Gyártó Hungary Kft.	Jedlik Ányos utca 1, 3200 Gyöngyös - an Ungáir	15.7.2020
C492	MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda	Rua Alto do Vale do Grou 36 3750-870 Borralha/Águeda, an Phortaingéil	25.9.2020
C609	Nextbike GmbH Nextbike GmbH	Erich Zeigner Allee 69-73 04229 Leipzig, an Ghearmáin	25.11.2020
C720	Propain Bicycles GmbH	Schachenstraße 39, 88267 Vogt, an Ghearmáin	1.7.2021

Airteagal 3

Déantar foráil maidir le tagairtí nuashonraithe do na páirtithe díolmhaithe nó do na páirtithe ar fionraí atá liostaithe sa Tábla san Airteagal seo sa cholún ar a bhfuil an teideal "Tagairt nua". Beidh feidhm ag na nuashonruithe sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Na cóid bhreise TARIC chomhfhreagracha a sannadh do na páirtithe díolmhaithe nó do na páirtithe ar fionraí sin mar a fhoráiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Cód breise TARIC", ní dhéanfar athrú orthu sin.

Páirtithe díolmhaithe/ar fionraí a dtabharfar an tagairt ina leith cothrom le dáta

Cód breise TARIC	Iarthagairt	Tagairt nua	Dáta do ghabháil éifeachta
8085	Oxyprod S.r.l. Via G. Morone 4 20121 Milano (MI), an Iodáil	Decathlon Produzione Italia S.r.l. Via Buonarroti 39 20145 Milano (MI), an Iodáil	3.6.2015 le haghaidh ainm a athrú; 20.4.2021 le haghaidh ainm a athrú
A168	EGC S.r.l. Via Fontana 18, Milano 45021 (MI), an Iodáil	EGC S.r.l. Corso Ventidue Marzo 32/1 20135 Milano (MI), an Iodáil	31.3.2021
C492	Motokit veiculos e Acessórios S. A. Rua Padre Vicente Maria da Rocha 448, 1° Esq., 3840-453 Vagos, an Phortaingéil	MOTOKIT Veiculos e Acessórios Lda Rua Alto do Vale do Grou 36 3750-870 Borralha/Águeda, an Phortaingéil	7.5.2021

Airteagal 4

Na hiarrataí ar dhíolúintí a chuir na páirtithe a liostaítear sa Tábla den Airteagal seo isteach, tá siad neamh-inghlactha agus mar sin diúltaítear dóibh i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 88/97.

Beidh feidhm ag na diúltuithe sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Páirtithe a ndiúltaítear an iarraidh ar dhíolúine ina leith

Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
Bicicletas Mendiz SA	Zuazobidea 22, (P.I. Jundiz) - 01015 Vitoria-Gasteiz, an Spáinn	5.5.2021
MK Bicycles GmbH	Krugbäckerstraße 16 - 56424 Mogendorf, Germany	14.6.2021
Smart Urban Mobility BV	Contactweg 26, 1014BH Amsterdam, The Netherlands	17.6.2021
UW Werkmaatschappij B.V.	Postbus 9255, 3506GG Utrecht, an Ísiltír	12.11.2021

Airteagal 5

An t-údarú díolúine ó íocaíocht na dleachta frithdhumpála leathnaithe, tarraingítear siar é i gcás na bpáirtithe a liostaítear sa Tábla den Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an tarraingt siar sin ó na dátaí dá bhforáiltear sa cholún Tábla ar a bhfuil an ceannteideal "Dáta do ghabháil éifeachta".

Páirtithe a dtarraingítear siar an t-údarú díolúine ina leith

Cód breise TARIC	Ainm	Seoladh	Dáta do ghabháil éifeachta
8009	Sachsenring Bike Manufaktur GmbH	Kyselhäuser Straße 23, 06526 Sangerhausen, an Ghearmáin	12.1.2021
8066	Cicli Cinzia srl	Via Lombardia 48, Osteria Grande 40060 Castel San Pietro Terme, an Iodáil	27.1.2021

Airteagal 6

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo agus chuig na páirtithe atá liostaithe in Airteagail 1 go 5 agus foilsítear é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Valdis DOMBROVSKIS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin